

COMHAIRLE CHONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN

**DÚN LAOGHAIRE-RATHDOWN
COUNTY COUNCIL**

**NA FODHLÍTHE UM
ÁITEANNA SEASAIMH CEAPTHA
(FEITHICLÍ SEIRBHÍSE SRÁIDE)
2008**



**An Rannóg Iompair
Leibhéal 4, 1 Cearnóg an Chuain
Bóthar Crofton
Dún Laoghaire**

Teideal Fada	I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dóibh le halt 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 agus leis an Ordú fán Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2), 2002 (I.R. Uimh 598 de 2002) agus tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, déanann Cathaoirleach agus Comhaltaí Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dá ngairtear “an Chomhairle Chontae” ina dhiaidh seo), leis seo na fodhlíthe seo a leanas maidir le limistéar riaracháin Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Gearrtheideal	1. Na Fodhlíthe um Áiteanna Seasaimh Ceaptha (Feithiclí Seirbhíse Sráide) Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2008 is teideal do na fodhlíthe seo.
Limistéar feidhme	2. Tá feidhm ag na fodhlíthe seo maidir le limistéar feidhme Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
Cúlghairm	3. Cúlghairtear NA FODHLÍTHE UM ÁITEANNA SEASAIMH CEAPTHA (<i>FEITHICLÍ SEIRBHÍSE SRÁIDE</i>) DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN 2006, a mhéid a bhaineann siad le limistéar riaracháin Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ón dáta a dtiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm
Dáta Thosach Feidhme	4. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an ____ ú lá d'Eanáir 2010.
Léiriú	5. Sna fodhlíthe seo <ul style="list-style-type: none"> • Ciallaíonn “<i>líne foirgneamh</i>” i ndáil leis an taobh den tsráid nach bhfuil aon líne dhíreach d’fhoirgnimh uirthi, ciumhais an taobh sin den tsráid. • Ciallaíonn “<i>Sceideal</i>” an Sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo. • Ciallaíonn “<i>Sráid</i>” bóthar poiblí • Forléireofar “<i>Tosach áite seasaimh ceaptha</i>” mar thagairt don cheann sin den áit seasaimh cheaptha ar uaidh a ríomhtar teorainneacha na háite seasaimh ceaptha i gcolún (3) den Sceideal cúí a ghabhann leis na Fodhlíthe seo; • Forléireofar “<i>Deireadh na háite seasaimh ceaptha</i>” mar thagairt don cheann sin den áit seasaimh cheaptha ar go dtí é a

ríomhtar teorainneacha na háite seasaimh ceaptha i gcolún (3) den Sceideal cuí a ghabhann leis na Fodhlíthe seo;

Áiteanna seasaimh ceaptha a cheapadh

- Forléireofar “*ord feithiclí seirbhísí sráide ag áit seasaimh cheaptha*” mar thagairt d’ord na bhfeithiclí arna ríomh ó thosach na háite seasaimh ceaptha go dtí deireadh na háite seasaimh ceaptha.

6. Faoi réir na bhfodhlíthe seo, i ngach ionad i gcolún (2) sa Sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo, beidh gach cuid den tsráid a thuairiscítear i colún (3) den Sceideal os comhair lua an ionaid i gcolún (2) ina háit seasaimh cheaptha a bheidh ar fáil lena húsáid gan teorainneacha maidir le ham nó ócáid úsáide.

Faoi réir na bhfodhlíthe seo, i ngach ionad i gcolún (2) de Sceideal 2 a ghabhann leis na fodhlíthe seo, beidh gach cuid den tsráid a thuairiscítear i colún (3) den Sceideal ina háit seasaimh cheaptha a bheidh ar fáil lena húsáid ag na hamanna a shonraítear i gcolún (6) den Sceideal sin os comhair lua na sráide i gcolún (2).

Ionad feithiclí in áiteanna seasaimh ceaptha

7. Déanfar gach feithicil seirbhíse sráide a bheidh ina seasamh chun a fruilithe ag áit seasaimh cheaptha
 - (a) a chur laistigh de theorainneacha na háite seasaimh ceaptha a thuairiscítear i gcolún (3) den Sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo.
 - (b) a chur san ionad a shonraítear i gcolún (5) den Sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo, os comhair lua na háite seasaimh ceaptha i gcolún (3) den Sceideal
 - (c) I gcás nach bhfuil aon fheithicil seirbhíse sráide cheana féin ag an áit seasaimh cheaptha agus in aon chás eile í a chur sa chéad áit eile i ndiaidh na feithicil seirbhíse sráide ag an áit seasaimh cheaptha agus chomh cóngarach agus is indéanta don fheithicil seirbhíse sráide atá go díreach roimpi.
- Feithicil seirbhíse sráide a bheidh ina seasamh chun a fruilithe ag áit seasaimh cheaptha cuirfear í i líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi nó beidh cúl na feithicil le ciumhais an chosáin, ní cuirfear an fheithicil níos faide ná 45 ceintiméadar ó chiumhais an chosáin.

- Measfar chun críocha na bhfodhlíthe seo nach bhfuil feithicil seirbhíse sráide ina seasamh chun a fruilithe ag an áit seasaimh cheaptha mura gcomhlíonann sé an fodhlí seo

An líon uasta feithiclí a bheidh ag áit seasaimh cheaptha

8. An líon feithiclí seirbhíse sráide a bheidh ina seasamh chun a bhfruilithe ag áit seasaimh cheaptha a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal ní mó é aon tráth ná an líon a shonraítear i gcolún (4) den Sceideal.

Folúntais ag áiteanna seasaimh ceaptha

9. Aon uair a fhágfaidh feithicil seirbhíse sráide a hionad ag áit seasaimh cheaptha tógfaidh an chéad fheithicil seirbhíse sráide eile ina diaidh (más ann) a háit ag an áit seasaimh

Forálacha ginearálta

10. Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí seirbhíse sráide a bheidh ina seasamh chun a bhfruilithe ag áit seasaimh cheaptha:

a bhaineann le háiteanna seasaimh cheaptha

- Ní dhéanfaidh tiománaí feithicle seirbhíse sráide ná aon duine eile feithicil seirbhíse sráide den sórt sin a ní, a choiriú ná a dheisiú, seachas cibé deisiú is gá chun go bhféadfaí an fheithicil a aistriú ón áit seasaimh cheaptha.
- Ní dhéanfaidh tiománaí feithicle seirbhíse sráide ná aon duine eile aon torann gan ghá leis an bhfeithicil nó i ndáil leis an bhfeithicil ná le hinneall na feithicle ná le haon trealamh gairis ná uirlisí a bheidh feistithe don fheithicil nó ar iompar ar an bhfeithicil ná trí aon challaire san fheithicil ná atá bainteach leis an bhfeithicil in aon slí.
- Déanfaidh tiománaí feithicle seirbhíse sráide de réir aon ordachán a thabharfaidh comhalta den Gharda Síochána dó nó dí i ndáil leis an bhfeithicil seirbhíse sráide a chur ag an áit seasaimh ceaptha, nó i ndáil leis an bhfeithicil seirbhíse sráide a thabhairt isteach san áit seasaimh cheaptha nó í a aistriú ón áit seasaimh cheaptha.

Srianta ginearálta ar

11. Ní dhéanfaidh tiománaí feithicle seirbhíse sráide an fheithicil seirbhíse sráide a shuíomh chun a fruilithe seachas ag áit

**fheithiclí
seirbhíse sráide
a bheidh ina
seasamh
chun a
bhfruilithe.**

seasaimh cheaptha agus de réir na bhfodhlíthe seo.

**Áiteanna
seasaimh
ceaptha
malartacha**

- 12.** Féadfar áit seasaimh cheaptha láithreach a chur ar fionraí go sealadach le hordú forghníomhaithe chun foirgníú/forbairt/coimeád róid nó cosáin nó aon chríoch bainistithe tráchta eile a éascú agus féadfar ionad eile a ainmniú mar áit seasaimh shealadach.

**SCEIDEAL 1
BUAN-ÁITEANNA SEASAIMH CEAPTHA**

Uimh. Tag.	Ionad	Teorainneacha na hÁite Seasaimh Ceaptha	An líon uasta feithiclí	Ionad na bhFeithiclí san áit seasaimh cheaptha
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1	Bóthar Bhré, Cábán tSíle	Ar an taobh thiar de Bhóthar Bhré, os comhair thábhairne an “Horse and Hound”, ag tosú ag pointe 50m soir ó dheas ó acomhal Bhóthar Bhré agus Bóthar Bhaile Braonáin agus ag leanúint ar feadh 14.5m.	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh Soir ó Dheas
2	Bóthar Chill Mochuda, Stigh Lorgan	Ar an taobh thuaidh de Bhóthar Chill Mochuda ar aghaidh Ionad Siopadóireachta Stigh Lorgan, ag tosú ag pointe 20m siar ó acomhal de Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus Bhóthar Chill Mochuda Íochtarach agus ag leanúint ar feadh 48.6m.	10	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh Siar ó Dheas
3	Bothar Áth an Ghainimh, Dún Droma	Ar an taobh thiar de Bhóthar Áth an Ghainimh ar aghaidh an phríomhbhealaigh isteach go hIonad Baile Dhún Droma, ag tosú ag pointe 83m ó dheas ó acomhal Bóthar Bhaile	5	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh Soir ó Dheas

		an tSaoir agus Bóthar Áth an Ghainimh agus ag leanúint ar feadh 30m.		
4	Bóthar cois Mara, Dún Laoghaire	Ar an taobh thiar de Bhóthar cois Mara ar aghaidh Eaglais Naomh Michíl, ag tosú ag pointe 5m Siar ó Dheas ó aomhal Ascaill Eblana agus Bóthar cois Mara, agus ag leanúint ar feadh 35m.	7	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh Siar ó Dheas
Uimh. Tag.	Ionad	Teorainneacha na hÁite Seasaimh Ceaptha	An líon uasta feithiclí	Ionad na bhFeithiclí san áit seasaimh cheaptha
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
6	Ascaill Northumberland, Dún Laoghaire	Ar an taobh thoir d'Ascaill Northumberland, ag tosú ag pointe 6m ó dheas ó aomhal Ascaill Northumberland agus Sráid Sheirse uachtarach agus ag leanúint ar feadh 19.2m	4	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh ó Dheas
8	Corrán Bhaile na Manach, Baile na Manach	Ar an taobh theas de Chorrán Bhaile na Manach, ar aghaidh thábhairne agus proinnteach "The Pub" ag tosú ag pointe 35m. soir ó aomhal Ascaill Clifton agus Corrán Bhaile na Manach agus ag leanúint ar feadh 14.4m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh Soir
9	Ascaill Bhaile Nua, an Charraig Dhubh	Ar an taobh thuaidh de Ascaill Bhaile Nua, ag tosú ag pointe 135m laistiar ó aomhal Ascaill Bhaile Nua agus Ardán Uí Dhróna agus ag leanúint ar feadh 14.4m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh Soir
10	Stáisiún Dart na Carraige Duibhe	Díreach lasmuigh den bhealach isteach go stáisiún dart na Carraige Duibhe ag tosú ag pointe 7m soir ó dheas ón mbealach isteach agus ag leanúint ar feadh 14.4m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh siar ó thuaidh
11	Bóthar na hEaglaise, an Baile Breac	Ar an taobh thiar de Bhóthar na hEaglaise ag tosú ag pointe 122m siar ó thuaidh ó aomhal Bhóthar na hEaglaise agus an Bóthar an Airm agus ag leanúint ar feadh 18m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh siar ó thuaidh

Uimh. Tag.	Ionad	Teorainneacha na hÁite Seasaimh Ceaptha	An líon uasta feithiclí	Ionad na bhFeithiclí san áit seasaimh cheaptha
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
12	Bóthar Ulverton, Deilginis	Ar an taobh thiar de bhóthar Ulverton, ag tosú ag pointe 18m lastuaidh ó acomhal Bhóthar Ulverton agus Sráid an Chaisleáin agus ag leanúint ar feadh 14.5m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh ó thuaidh
13	Ascaill an Droighneáin, Áth an Ghainimh agus Gnó-Pháirc Stigh Lorgan	Ar an taobh thuaidh d'Ascaill an Droighneáin, ag tosú ag pointe 132m soir ó acomhal Ascaill an Droighneáin agus Bóthar an Droighneáin (díreach roimh an trasnán do choisithe) agus ag leanúint ar feadh 14.5m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a n-aghaidh soir
14	Lána an Chlochair, Dún Laoghaire	Ar an taobh thiar de Lána an Clochair, ar aghaidh thábhairne Dunphy, ag tosú ag pointe 7.4m soir ó dheas ó acomhal Shráid Seoirse Íochtarach agus Lána an Chlochair agus ag leanúint siar ó dheas ar feadh 18m.	3	Ina líne shingil taobh leis an mballa agus i gcomhthreo leis agus a n-aghaidh siar ó dheas

SCEIDEAL 2
ÁITEANNA SEASAIMH CEAPTHA TRÁTHNÓNA AGUS OÍCHE

Uimh. Tag.	Ionad	Teorainneacha na hÁite Seasaimh Ceaptha	An líon Uasta Feithiclí	Ionad na bhFeithiclí san áit seasaimh cheaptha	Tréimhse a bheidh siad ar fáil
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
7	Bóthar Áth an Ghainimh	Ar an taobh thiar de Bhóthar Áth an Ghainimh ar aghaidh thábhairne Winters, ag tosú ag pointe 148m ó dheas ó acomhal Bhóthar Bhaile an tSaoir agus Bóthar Áth an Ghainimh agus ag leanúint ar feadh 45m.	9	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a haghaidh Soir ó Dheas	18:00-06:00 Luan – Domh

Uim h. Tag. (1)	Ionad (2)	Teorainneacha na hÁite Seasaimh Ceaptha (3)	An líon Uasta Feithicí (4)	Ionad na bhFeithicí san áit seasaimh cheaptha (5)	Tréimhse a bheidh siad ar fáil (6)
5	Bóthar cois Mara, Dún Laoghaire	Ar an taobh thoir de Bhóthar cois Mara, ag aomhal Ascaill Eblana agus Bóthar cois Mara, ag leanúint ar feadh 14.4m	3	Ina líne shingil le ciumhais an chosáin agus i gcomhthreo léi agus a haghaidh Soir ó Thuaidh	12:00 – 06:00 Luan - Domh